



Coimisiún
na Meán

Cuid 68

SEIRBHÍS CHRAOLACHÁIN FUAIME SHEALADACH PHÍOLÓTACH POBAIL

Treoir d'Iarratais

Dáta foilsithe:

Deireadh Fomhair



Forchoimeáidann Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) an ceart aon chuid den *Treoir seo maidir le hIarratais ar Sheirbhís Chraolacháin Fuaimne Shealadach Phíolótach Pobail* (“*Treoir*”) a cheartú nó a shoiléiriú.

Cuirfear aon cheartúchán, soiléiriú nó eolas forlíontach den sórt sin in airde ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán, www.cnam.ie

Ba cheart gach ceist maidir leis an *Treoir* seo a sheoladh ar ríomhphost chuig: contracts@cnam.ie

Tabhair faoi deara go bhfuil treoir agus foirm iarratais ar leith ann d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar sheirbhís chraolacháin fuaimne shealadach 30 lá. Baineann an treoir seo le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar sheirbhís chraolacháin fuaimne píolótach pobail 100 lá.

Is féidir leis an gCoimisiún conradh craolacháin fuaimne sealadach a dhámhachtain ar ghrúpa iarrthóra atá ionadaíoch do, agus cuntasach do phobal i limistéar áirithe, nó do phobal leasa i limistéar ar feadh tréimhse suas le 100 lá i dtréimhse 12 mhí, (“seirbhís píolótach shealadach phobail”).

Ní mór d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chuí a úsáid don chineál seirbhíse lena mbaineann. Beidh ar iarratasóirí iarratas a chur isteach arís má úsáidtear an fhoirm mhícheart.

Clár

1. RÉAMHRÁ.....	4
2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH	5
3. DOICIMÉADACHT RIACHTANACH.....	6
4. MEASÚNÚ AR IARRATAIS	8
5. FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ.....	8
6. BRONNADH CONARTHA	12
larscríbhinn 1: Stiúideonna.....	13

1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le halt 68(1)(b) den [Acht Craolacháin 2009](#) arna leasú ("Acht 2009") go bhféadfaidh an Coimisiún, in aon tréimhse 12 mhí, conradh craolacháin fuaimne a dhéanamh le hiarratasóir ar sheirbhís chraolacháin fuaimne a sholáthar i limistéar sonraithe ar feadh tréimhse de:

más iarratas ar chonradh craolacháin fuaimne pobail an t-iarratas, 100 lá ar a mhéid (cibé acu laethanta as a chéile nó eile) sa tréimhse 12 mhí sin.

Rinne an Coimisiún Treoir seo a fhorbairt do dhaoine ar spéis leo iarratas a dhéanamh ar chonarthaí craolacháin fuaimne sealadacha do sheirbhís raidió pobail ar feadh suas le 100 lá ar a mhéad. Is gnách go mbronnar na conarthaí sealadacha seo ar bhonn píolótach ar ghrúpaí pobail a chuir seirbhísí craolacháin fuaimne sealadacha ar fáil faoi chonradh craolacháin fuaimne 30 lá agus a bhfuil suim acu an tseirbhís a fhorbairt a thuilleadh d'fhonn ullmhú do sheirbhís raidió pobail lánaimseartha amach anseo.

Sonraítear sa Treoir seo na nósanna imeachta a ghlacfar don phróiseas iarratais maidir le conradh craolacháin fuaimne sealadach a bhronnadh ar bhonn píolótach pobail agus tugtar treoir inti maidir le riachtanais Acht 2009. Tugann an Treoir seo eolas d'iarratasóirí freisin faoi bheartais ábhartha an Choimisiúin ar cheart dóibh aird a thabhairt orthu agus a n-iarratas á ullmhú acu agus sonraítear inti an fhaisnéis ba cheart a chur san áireamh in iarratas.

Ní airbheartaíonn an Treoir a bheith uileghabhálach, agus moltar d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh d'fhorálacha ábhartha Acht 2009, lena n-áirítear, ailt 64 agus 66 d'Acht 2009 chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas ceadúnaithe agus ar an gclársceidealú agus ar na ceanglais eile nach mór d'iarratasóirí a chomhlíonadh agus iarratas á dhéanamh acu ar chonradh craolacháin fuaimne pobail a d'fhéadfadh an Coimisiún a fhógairt. Agus iarratas á ullmhú, ba cheart d'iarratasóir aird a thabhairt freisin ar bheartais infheidhme an Choimisiúin, lena n-áirítear an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin, an Beartas Meán Pobail, an Creat Tairbhe Sóisialta agus an Beartas Úinéireachta agus Rialaithe*. Tá na cáipéisí seo ar fáil ar líne ag www.cnam.ie nó ar iarratas ón gCoimisiún. Tá foireann an Choimisiúin sa Rannán Craolacháin ar fáil freisin le comhairle a sholáthar i gcás go bhfuil ceisteanna ag iarratasóir maidir le hábhar na Treorach seo, formáid an iarratais, nó beartais.

Ba cheart gach ceist a sheoladh chuig: contracts@cnam.ie

Tabhair faoi deara go bhfuil bronnadh aon chonartha craolacháin fuaimne shealadaigh faoi réir an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a sholáthar don tseirbhís atá beartaithe. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, mar gheall ar shrianta speictrim, go mb'fhéidir nach bhféadfaí freastal ar an líon laethanta, suíomhanna agus ERP (Cumhacht Éifeachtach Radaith) a bheartaítear.

2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Ní mór d'iarratas chun Conradh Sealadach Craolacháin Fuaim ar bhonn píolótach pobail a bhronnadh de bhun alt 68(1)(b) d'Acht 2009 na ceanglais go léir atá leagtha amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Mura gcomhlíontar na ceanglais fhoilsithe go hiomlán, is féidir go ndéanfaí an t-iarratas a dhícháiliú agus, ar an gcaoi sin, ní bhreithneoidh an Coimisiún é.

2.1 An Leagan Amach Riachtanach

Caithefar t-iarratas a chur isteach i mBéarla nó i nGaeilge san *Fhoirm Iarratais - Seirbhís Chraolacháin Fuaim Shealadach Phíolótach Pobail* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (“an Fhoirm Iarratais”). Ní mór an fhaisnéis riachtanach go léir mar a thuairiscítear sa Treoir seo agus san Fhoirm a bheith sa togra.

2.2 Doiciméadacht Riachtanach

Ní mór foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach leis na doiciméid riachtanacha go léir, mar atá leagtha amach i gCuid 3 den treoir seo. Maidir leis an treoir, cuirtear seicliosta de na doiciméid riachtanacha ar fáil san fhoirm iarratais.

Seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus ní féidir iad a mheas.

2.3 Aighneacht

Tá ar iarratasóir cóip amháin den iarratas a chur isteach i bhformáid PDF nó Word chuig an seoladh ríomhphoist, contracts@cnam.ie. Ba cheart go mbeadh iarratais in aon doiciméad amháin go hidéalach nó níor cheart go mbeadh níos mó ná dhá cheangaltán ag gabháil leo. Níor cheart go mbeadh an t-iarratas agus na ceangaltáin níos mó ná 8MB. Féadfar an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla.

2.4 Tréimhse ama chun iarratais a chur isteach

Ba cheart iarratais chomhlánaithe a chur isteach, ar a laghad, trí mhí roimh an gcéad dáta craolta atá beartaithe. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le hiarratasóirí maidir leis an tréimhse ama don phróiseas iarratais agus na dátaí craolta atá beartaithe.

2.5 Saoráil Faisnéise

Mar chomhlacht poiblí, tá an Coimisiún faoi réir an Achte um Shaoráil Faisnéise, 2014 (“An tAcht um Shaoráil Faisnéise”). Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de bhun iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarratasóirí aon fhaisnéis a mheasann siad a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, rúnda, nó díolmhaithe ar shlí eile ón Acht um Shaoráil Faisnéise a shainnithint go soiléir agus ba cheart an fhaisnéis seo a leagan amach in ‘Iarscríbhinn Rúnda’ ar leith a ghabhann leis an iarratas. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhoilsiú aon fhaisnéise sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

2.6 Cosaint Sonraí

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Treoir RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí. Tá Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta agus faoi bheartais ghaolmhara an Choimisiúin ag [Cosaint Sonraí \(cnam.ie\)](http://cnam.ie).

Comhaontuithe Tríú Páirtí:

Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí Choimisiúin na Meán faoin dlí, faoi Acht 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ní féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bharántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

3. DOICIMÉADACHT RIACHTANACH

Ionas go measfar iarratas a bheith comhlánaithe, ní mór na doiciméid seo a leanas a chur faoi bhráid Choimisiúin na Meán trí ríomhphost a sheoladh chuig contracts@cnam.ie

3.1 Foirm Iarratais Chomhlánaithe

Caithfear t-iarratas a chur isteach trí úsáid a bhaint as *Foirm Iarratais - Seirbhís Chraolacháin Fuaimne Shealadach Phíolótach Pobail* atá ar fáil ar www.cnam.ie

Ní mór an fhaisnéis go léir a iarrtar ar an bhfoirm a chur isteach.

3.2 Deimhniú ar Ionchorprú

Ní mór d'iarratasóir ar Chonradh Craolacháin Fuaimne Sealadach Píolótach Pobail a bheith ina eintiteas dlíthiúil, is é sin cuideachta chláráithe nó comharchumann. Ní dhéanfaidh an Coimisiún conradh craolacháin fuaimne sealadach le duine aonair nó le grúpa de dhaoine aonair. Is féidir gur mhaith le páirtithe leasmhara faisnéis a lorg maidir le conas iad féin a bhunú mar eintiteas dlíthiúil trí theagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha amhail an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, nó Cumann Comhareagraíochtaí na hÉireann.

De bhreis ar Alt 64 d'Acht 2009, agus *Beartas Meán Pobail* an Choimisiúin, ba cheart iarratasóirí a bheith bunaithe ar bhonn seachbhrabúsach.

3.3 Bunreacht, Rialacha an Chomharchumainn nó a Chomhionann

Ní mór d'iarratasóir cóip dá Bhunreacht, de Rialacha an Chomharchumainn, nó dá chomhionann, a chur isteach. Tabhair faoi deara más cuideachta é iarratasóir, ní mór don Bhunreacht forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 a léiriú. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go ndearnadh Meabhráin agus Airteagail Chomhlachais roimhe seo a nuashonrú go Bunreacht agus go gcomhlíonann siad forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

3.4 Deimhniú Rúnaí

Leagtar amach sa doiciméad seo úinéireacht agus struchtúr rialaithe an iarratasóra, lena n-áirítear seoladh cláraithe, ainmneacha agus seoltaí an Bhoird Stiúrtóirí nó baill an Choiste Bainistíochta, ainm agus seoladh an Rúnaí, an tOifigeach Comhlíontachta beartaithe, agus catagóirí ballraíochta.

Cuirtear Teimpléid de Dheimhniú Rúnaí do chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal agus do chomharchumann araon ar fáil mar Fhoscríbhinní leis an bhFoirm Iarratais - Seirbhís Craolacháin Fuaime Shealadach Phíolótach Pobail. Ba cheart d'iarratasóirí an teimpléad cuí a chomhlánú ag brath ar an gcineál eintitis a bunaíodh, e.g.: cuideachta nó comharchumann, agus é a mhodhnú de réir mar is gá.

3.5 Sceideal Clár Tásca

Ba cheart go léireodh an Sceideal Clár atá beartaithe don tseirbhís na gealltanais chlársceidealaithe atá leagtha amach ag an Iarratasóir ina fhoirm iarratais. Tabhair faoi deara go mbreithneofar an Sceideal Clár ag tagairt don chaoi a bhfuil na gealltanais chlársceidealaithe atá leagtha amach san fhoirm iarratais á gcomhlíonadh agus don chaoi a bhfuiltear ag freastal ar éagsúlacht na gclár don phobal lena mbaineann. Ar a laghad, ba cheart don sceideal clár tásca sonraí a sholáthar faoi na huairéanta craolacháin agus na tuairisceoirí cláir atá beartaithe.

3.6 Léarscáil den Réimse Saincheadúnais

Léarscáil a thugann breac-chuntas ar an réimse saincheadúnais atá beartaithe, lipéadaithe chun suíomh an tsuímh tarchuradóra atá beartaithe a thaispeáint go soiléir. Bíonn réimse saincheadúnais thart ar 8km ag seirbhísí craolacháin fuaime sealadacha de ghnáth.

3.7 Stiúideonna

Ba cheart líníochtaí mionsonraithe stiúideonna ina sonraítear riachtanais chúrsaíochta, plean urláir agus comhlíontacht na gceanglas inrochtaineachta mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1 den Treoir seo a chur isteach.

3.8 Luachan le haghaidh Árachais

Ní mór d'iarratasóir polasaí árachais cuí a bheith i bhfeidhm chun an tseirbhís a oibriú. Caithfidh cumhdach árachais leabhal a bheith sa pholasaí seo agus caithfear Coimisiún na Meán a shlánú go sonrach faoin bpolasaí seo. Ní mór cóip den luachan atá beartaithe a chur san áireamh leis an iarratas. Ní mór cruthúnas ar an bpolasaí deiridh do na dátaí ar an aer a chur ar fáil sula dtabharfar an chaibidlíocht chonartha i gcrích.

- Ní mór a lua go sonrach sa pholasaí go bhfuil Coimisiún na Meán slánaithe faoin bpolasaí; agus
- Caithfidh leabhal; dliteanas poiblí; agus clúdach polasaí dliteanais fostóra a bheith san áireamh sa pholasaí.

Ní mór don tréimhse árachais fad iomlán na seirbhíse raidió a chumhdach.

3.9 Airgeadas

Ceanglaítear ar iarratasóirí na cáipéisí seo a leanas a chur isteach:

- Cuntais airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais roimhe.
- Cuntas ioncaim agus caiteachais/cuntais bhainistíochta ó dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin go deireadh na míosa díreach roimh dháta an iarratais.

4. MEASÚNÚ AR IARRATAIS

4.1 Céim a hAon: An Réamhchéim

Nuair a chuirfear iarratas isteach, déanfaidh foireann an Choimisiúin athbhreithniú air lena chinntiú go bhfuil sé comhlánaithe. D'fhonn dul ar aghaidh tar éis Chéim 1, ní mór don Choimisiún a bheith sásta:

- go bhfuil an t-iarratasóir ionadaíoch do, agus cuntasach do phobal i limistéar áirithe;
- go gcuirfidh an tseirbhís atá beartaithe leas sóisialta ar fáil do phobal i gceantar áirithe, nó do phobal leasa i gceantar;
- gur úsáideadh an fhoirm iarratais iomchuí agus gur soláthraíodh an fhaisnéis ar fad a iarradh;
- gur cuireadh an doiciméadacht fhorlíontach riachtanach isteach;
- go gcomhlíonann an t-iarratasóir beartas an Choimisiúin agus alt 62 d'Acht 2009 i ndáil le haighneachtaí ó iar-oibreoírí neamhcheadúnaithe; agus
- go gcomhlíonann dátaí craolta beartaithe an iarratasóra na teorainneacha ama atá leagtha amach in Alt 68(1) d'Acht 2009.

4.2 Céim a Dó: Measúnú Foirne

I rith na céime seo déanfaidh foireann Choimisiún na Meán athbhreithniú ar an iarratas chun a chinntiú go bhfuil faisnéis go leor ann chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh de réir fhorálacha ábhartha Acht 2009.

Tá faisnéis mhíniúcháin a bhaineann le measúnú cáilíochtúil Chéim 2 faoi gach cuid den fhoirm iarratais leagtha amach thíos.

5. FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ

5.1 Sonraí an Iarratasóra

Ba cheart go leagfaí amach sa chuid seo ainm an iarratasóra, a stádas mar eintiteas dlíthiúil agus na dátaí craolta atá beartaithe. Ba cheart don chuid seo a shoiléiriú freisin ar oibrigh an t-iarratasóir seirbhís shealadach nó seirbhís phiólótach pobail roimhe seo faoi chonradh leis an gCoimisiún.

5.2 Úinéireacht agus Rialú

Baineann an chuid seo le húinéireacht agus struchtúr rialaithe an Iarratasóra agus iarrann sí faisnéis ar an gcomhlacht rialaithe/Orgán Feidhmiúcháin agus ar bhaill an Iarratasóra. Iarrann an chuid seo sonraí freisin maidir le rialachas agus bainistíocht agus oibriú ó lá go lá. Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais an Choimisiúin san áireamh agus an fhaisnéis sa chuid seo á measúnú.

Tabharfar aird ar an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- Carachtar, saineolas agus taithí an Iarratasóra, lena n-áirítear a stiúthóirí, a bhainisteoir, a rúnaí;

- Comhdhéanamh Orgán Feidhmiúcháin an iarratasóra;¹

Ag teacht leis an *mBeartas Meán Pobail*, agus téarmaí aon chonartha craolacháin fuaimhe shealadaigh le haghaidh seirbhís phíolótach pobail, ní bheidh 60% nó níos mó dá bhallraíocht, idir fhir agus mhná, in Orgán Feidhmiúcháin Iarratasóra / Conraitheora. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil cothromaíocht inscne an Bhoird agus / nó an Choiste Bainistíochta agus aon fhochoistí eile ag cloí leis an riachtanas seo.

- Struchtúr ballraíochta an iarratasóra agus cé acu atá nó nach bhfuil an struchtúr seo ionadaíoch agus cuntasach don phobal lena mbaineann, agus cé acu a éascaíonn nó nach n-éascaíonn sé rochtain do gach duine den phobal;
- Struchtúr bainistíochta agus oibríochtúil beartaithe an iarratasóra agus conas a éascóidh an struchtúr seo rannpháirtíocht dhaoine an phobail i ngach gné den tseirbhís (i.e. oibríthe deonacha, cláir srl.)
- Conas a oibreofar an tseirbhís, lena n-áirítear líon na mball foirne nó líon na mball gníomhach agus / nó líon n-oibríthe deonacha íoctha a bheidh ag feidhmiú; agus
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonartha an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

5.3 Clársceidealú

Baineann an chuid seo leis na gealltanais chlársceidealaithe atá an t-iarratasóir sásta a dhéanamh maidir le príomhghnéithe den tseirbhís atá beartaithe. Má éiríonn leis an iarratasóir, beidh na gealltanais seo mar chuid de Ráiteas Beartais Cláir i gconradh ar deireadh, a shocrófar trí chaibidlíocht le Coimisiún na Meán. Feidhmeoidh an Ráiteas Beartais Cláir mar shlat tomhais a ndéanfar feidhmíocht an iarratasóra a n-éireoidh leis amach anseo a thomhas ina coinne agus/nó a ndéanfar measúnú ar athruithe iarrtha ar sceideal clár an iarratasóra ina coinne.

Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais Choimisiún na Meán san áireamh, mar shampla an *Beartas Meán Pobail*, agus measúnú á dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach sa chuid seo den iarratas. Tabharfar aird ar an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- straitéis bheartaithe an iarratasóra maidir le clársceidealú agus tograí chun clársceidealú a fhorbairt agus a tháirgeadh a thuilleadh;
- cur chuige an iarratasóra maidir le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i gcraoladh clársceidealaithe a mhéadú;
- caighdeán, cineál agus raon na gclár cainte agus ceoil atá beartaithe lena n-áirítear clársceidealú i (i) nuacht agus cúrsaí reatha; (ii) an Ghaeilge; agus (ii) cláir a bhaineann le cultúr na hÉireann;

¹ Bord Stiúthóirí, an Coiste Bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile.

- a mhéid a chuireann an tseirbhís atá beartaithe le héagsúlacht na seirbhísí sa cheantar, a fhreastalaíonn sí ar phobail áitiúla inaitheanta agus a dtacaíonn na leasanna éagsúla sa phobal léi, nó a fhreastalaíonn sí ar phobail leasa; ²
- feidhmíocht agus comhlíontacht chonarthaigh an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

5.5 Tairbhe Shóisialta

Ba cheart don iarratasóir aird ar leith a thabhairt ar na sé chroí-Tháscaire de Thairbhe Shóisialta a shonraítear sa Creat Tairbhe Sóisialta, is é sin:

1. Tá daoine aonair, go háirithe mionlaigh agus iad siúd atá imeallaithe, ag éirí níos muinteairis agus cruthaithí agus/ nó ag treisiú a muintearais, go díreach ó bheith ag plé leis an Stáisiún.
2. Tá daoine aonair ag cur lena n-ionchais fostaíochta trí scileanna a fhoghlaim agus muinteairis a fhás, rud a threisiú féiniúlacht pobail.
3. Tá daoine den phobal ar an eolas agus feasach faoina bhfuil ag tarlú timpeall a bpobail.
4. Tá daoine den phobal ag freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna - ó shaincheisteanna áitiúla go saincheisteanna domhanda - toisc go bhfuil rochtain acu ar dhearcthaí éagsúla agus ar fhaisnéis níos fearr.
5. Déantar gníomhaithe comhchoiteanna (CBOanna, ENRanna etc.) a éascú agus a threisiú ina gcumas lena spriocanna a bhaint amach.
6. Cuirtear leis an tuiscint ar an bhféiniúlacht pobail agus leis an gcomhtháthú trí idirghníomhaíocht agus trí chomhghníomhaíocht.

D'fhonn Tairbhe Shóisialta a léiriú, tabhair samplaí ar uasmhéid de thrí (3) as na sé (6) Thairbhe Sóisialta mar atá liostaithe sa Chreat Tairbhe Sóisialta agus cuir an fhaisnéis isteach sa chuid ábhartha den Fhoirm Iarratais. Ba cheart go leanfadh na Tairbhí Sóisialta a liostaítear san iarratas an tsamhail S.M.A.R.T agus ba cheart go mbeidís intomhaiste mar mhéadrachtaí feidhmíochta thar thréimhse ama shocraithe. Beidh gnéithe de na tairbhí sóisialta mar chuid den mhairís scórála.

5.6 Speictream, Stiúideonna agus Tarchur

Tá formheas na n-iarratas faoi réir ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a chur ar fáil don tseirbhís atá beartaithe.

Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais Choimisiún na Meán san áireamh, mar shampla an *Beartas Meán Pobail*, agus measúnú á dhéanamh ar an bhfaisnéis sa chuid seo. Tabharfar aird ar an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- Infhaighteacht speictrim chun tarchur na seirbhíse ar an mbanda FM a éascú;
- An tréimhse ama chun tús a chur leis an tarchur;
- Acmhainneacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha;

² Tabhair faoi deara nach bhfuil dualgas ar Chraoltóirí Sealadacha nó Craoltóirí Píolótacha Pobail na riachtanais reachtúla nuachta agus cúrsaí reatha a chomhlíonadh. Ba cheart d'Iarratasóirí Píolótacha Pobail a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil comhlíontacht leis na ceanglais seo éigeantach do gach craoltóir fuaimne seanbhunaithe, le ceadúnas lánaimseartha. Chuige sin, meastar go bhfuil gá le forbairt den sórt sin ar chlárscéidealú nuachta agus cúrsaí reatha le haghaidh seirbhísí píolótacha pobail.

- Ba cheart líníochtaí mionsonraithe stiúideonna ina sonraítear riachtanais chúrsaíochta, plean urláir agus comhlíontacht na gceanglas inrochtaineachta mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1 den Treoir seo a chur isteach.
- Oiriúnacht na dtograí tarchuir; agus
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarhach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

5.7 Plean Airgeadais agus Gnó

Breithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don iarratasóir chun an tseirbhís a fhorbairt agus a oibriú a thuilleadh thar thréimhse níos faide. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú seo an cineál seirbhíse a bhfuil iarratas á dhéanamh ag an iarratasóir ina leith, seirbhís chraolacháin fuaimhe shealadach phíolótach pobail. Tabharfar aird ar an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don iarratasóir chun an tseirbhís a oibriú agus a fhorbairt a thuilleadh;
- Tograí maoinithe agus ioncaim an iarratasóra, lena n-áirítear na foinsí agus na leibhéil mhaoinithe / ioncaim ó gach foirse;
- Caiteachas réamh-mheasta an iarratasóra don tseirbhís, lena n-áirítear cineál agus leibhéal na gcostas atá i gceist;
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarhach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas faoi Céim 1 agus Céim 2, cinntíonn foireann an Choimisiúin cé acu a mholfar nó nach molfar an t-iarratas don Choimisiún³ lena bhreithniú.

- Má mholtar an t-iarratas, rachaidh an t-iarratas ar aghaidh go dtí céim a trí.
- Mura moltar an t-iarratas, cuirfead an t-iarratasóir ar an eolas agus cuirfead na cúiseanna nár moladh an t-iarratas ar fáil dó/di.

Céim a Trí: An Próiseas Cinnteoireachta

Má mheastar go bhfuil Céim a Dó curtha i gcrích go sásúil ag an iarratasóir, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le conradh craolacháin fuaimhe píolótach pobail a bhronnadh tríd an bpróiseas cinnteoireachta a leagtar amach thíos a leanúint:

1. Cuirfidh foireann an Choimisiúin meastóireacht tosaigh faoi bhráid chomhaltaí an Choimisiúin. Breithneoidh an Coimisiún an togra a cuireadh isteach agus tuarascáil mheastóireachta ar an togra arna hullmhú ag foireann an Choimisiúin. Déanfar an tuarascáil mheastóireachta a struchtúrú trí úsáid a bhaint as na ceannteidil atá leagtha amach i gCuid 5 den Treoir seo.
2. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil aon saincheistean ann a dteastaíonn soiléiriú uathu agus/nó má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uathu ón Sealbhóir, féadfar an fhaisnéis sin a lorg i scríbhinn agus/nó cruinnithe le foireann an Choimisiúin.

3. Tar éis aon chruinniú riachtanach/cruinnithe riachtanach agus/nó aon fhreagra/freagraí ar cheisteanna scríofa forlíontacha, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le bronnadh an chonartha.
4. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh gan Conradh a bhronnadh agus cuirfear cúiseanna leis an gcinneadh sin ar fáil d'iaratasóirí.

Féachfaidh an Coimisiún lena mheastóireacht ar thogra an tSealbhóra a chur i gcrích laistigh de 60 lá tar éis iarraitas iomlán a fháil.

6. BRONNADH CONARTHA

Beidh bronnadh conartha craolacháin fuaimhe shealadaigh le haghaidh seirbhís phiólótach pobail faoi réir an t-iarraitasóir a n-éireoidh leis nó léi an Conradh beartaithe a aontú agus a shíniú ina mbeidh téarmaí agus coinníollacha mar a chinnfidh an Coimisiún. Ba cheart d'iarraitasóir a thabhairt faoi deara go ndéantar cinneadh an Choimisiúin le Conradh craolacháin fuaimhe sealadach a bhronnadh i bprionsabal agus faoi réir caibidlíocht chonarthach a thabhairt i gcrích go rathúil agus faoi réir aon choinníollacha eile ar mhaith leis an gCoimisiún a chur ag gabháil leis an mbronnadh.

Ba cheart d'iarraitasóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil faisnéis sna Sceidil a ghabhann le Conradh den sórt sin maidir le húinéireacht agus rialú an iarraitasóra agus an chlársceidealaithe agus go gcinnear iad den chuid is mó de réir na faisnéise, na ngealltanais agus na ngníomhartha atá san iarraitas rathúil. Dá bhrí sin, déanfar sonraí an struchtúir úinéireachta agus rialaithe, na gealltanais chlársceidealaithe agus an sceideal clár tascach agus an tarchur agus na stiúideonna a thrasú de ghnáth ón iarraitas rathúil.

De bhreis ar chonradh a shíniú, beidh Conradh den sórt sin ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifigí an Choimisiúin.⁴

Mura gcomhaontóidh iarraitasóir a n-éireoidh leis nó léi le haon choinníollacha a iarraidh an Coimisiún, nó mura gcomhlíonfaidh sé nó sí aon choinníollacha a iarraidh an Coimisiún, laistigh den tréimhse ama a iarfar, ní thabharfar caibidlíocht chonartha chun críche agus féadfaidh an Coimisiún diúltú Conradh craolacháin fuaimhe sealadach a dhéanamh.

Athruithe ar Chomhdhéanamh, ar Sheirbhís nó ar Fhaisnéis

Forchoimeádan an Coimisiún an ceart Conradh craolacháin fuaimhe sealadach a chúlghairm do sheirbhís phiólótach pobail tar éis dó a bheith bronnta nó deonaithe má tharlaíonn athruithe a athraíonn cineál nó buntréithe an iarraitasóra nó na seirbhíse atá beartaithe nó fírinne, bailíocht nó cruinneas na faisnéise a chuir an t-iarraitasóir ar fáil go hábhartha agus i gcás ina bhféadfadh athruithe den sórt sin difear a dhéanamh don chinneadh an Conradh craolacháin fuaimhe a bhronnadh dá mba rud é gur tharla na hathruithe sin sula ndearnadh an bronnadh.

⁴ Alt 69(5) d'Acht 2009.

Plean Urláir

Ní mór don stiúideo Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta a chomhlíonadh ina sonraítear na riachtanais maidir le rochtain agus úsáid do dhaoine faoi mhíchumas. Ní mór don iarratasóir sonraí a sholáthar maidir le rochtain ar fhoirgnimh, spás cúrsaíochta laistigh den fhoirgneamh, agus áiseanna amhail an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart go n-áireofaí sna sonraí sin plean urláir ina bhfuil na toisí ábhartha go léir, lena n-áirítear sonraí maidir le háiseanna teicniúla, nuacht, limistéir oifige agus riaracháin, agus cóireálacha fuaimiúla.

Tabhair faoi deara gur cheart an leagan amach stiúideo, an trealamh agus an airde ag na cuntair oibre stiúideo a bheith deartha chun rochtain agus úsáid iomlán ag gach duine a éascú gan gá le struchtúir shealadacha. Ba cheart go n-áireofaí sa líníocht forleagan den troscán stiúideo agus oifige ar fad agus go n-áireofaí toisí gach oscailte dorais, leithid dorchlaí agus limistéir cúrsaíochta agus gluaiseachtaí thart ar troscán stiúideo agus oifige. Ba cheart go léireodh na líníochtaí go soiléir comhlíontacht agus tuiscint ar rialacháin foirgníochta, go háirithe Cuid M agus na *Treoirlínte maidir le Foirgnimh do Chách*, arna bhfoilsíú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán ag an nasc seo a leanas. [Treoirlínte Rochtana do Dhaoine faoi Míchumas do Raidió Pobail agus do Raidió Píolótach Pobail](#). Ní mór stiúideonna a dhearadh agus a thógáil freisin chun na riachtanais maidir le cúrsaíocht stiúideo atá leagtha amach in Iarscríbhinn 1 den fhoirm iarratais ábhartha a chomhlíonadh.

Deimhniú maidir le Rochtain Rialaithe agus Fuaimdhíonadh

Ní mór go mbeidh rochtain rialaithe ar na stiúideonna ar an aer de chuid na stáisiún Píolótach Pobail agus ní mór dóibh caighdeáin tionscail maidir le fuaimdhíonadh a chomhlíonadh. Ní mór don iarratasóir faisnéis a sholáthar faoin gcaoi a rialaítear rochtain ar stiúideonna ar an aer agus deimhniú a sholáthar gur cuireadh fuaimdhíonadh ar chaighdeáin tionscail i bhfeidhm.

Riachtanais maidir le Cúrsaíocht Stiúideo

Taispeántar i bhFíor 2 na toisí tábhachtacha chun críoch inrochtaineachta i stiúideo tipiciúil. Seo a leanas íosluachanna agus luachanna molta A, B & C.


Is é 750mm luachanna íosta A & B.

Ba cheart go mbeadh A & B 1.2m ar a laghad.

Má tá ceachtar A nó B níos lú ná 1.2m, beidh caschiorcal 1.5m ar fad ag teastáil ag suíomh an láithreora taobh thiar den deasc.

Is é 1.2m íosluach C.

Go hidéalach ba cheart go mbeadh caschiorcal 1.5m ann os comhair na deisce.



Fíor 2: Riachtanais maidir le cúrsaíocht stiúideo

Coimisiún na Meán

1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, D04 NP20,
Éire.

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost: info@cnam.ie

Suíomh Gréasáin: www.cnam.ie